C/2024/6963

15.11.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/6963)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Tá an tsonraíocht táirge a chomhlíonann Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 le fáil i gclár an Aontais de thásca geografacha

DOICIMÉAD AONAIR

‘Aydın Memecik Zeytini’

Uimh. CE: PDO-TR-02813 - 12.11.2021

TGFC ( ) ATFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

‘Aydın Memecik Zeytini’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Tuirc

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is ológ bhoird é ‘Aydın Memecik Zeytini’ agus is é is toradh do chineál Memecik na gcrann ológ ón speiceas *Olea europeae* L. a fhástar i gcúige Aydın. Tá trí phríomhdhath orthu nó áirítear trí athraitheach iontu: ológa glasa, ológa bándearga agus ológa dubha. Is as an ngobadh beag ag barr an toraidh a fuair an cineál an t-ainm atá air.

Is iad seo a leanas roinnt saintréithe moirfeolaíocha de chuid ‘Aydın Memecik Zeytini’:

— Méid: Mór

— Cruth: Ubhchruthach

— Fad-siméadracht: Neamhshiméadrach

— Siméadracht thrasnach: Neamhshiméadrach

— An Pointe is Leithne: Gar don lár

— Barr: Boilsc bhiorach

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

— Dromchla an toraidh: Garbh

— Dath an toraidh: Idir glas agus dubh, ag brath ar an innéacs aibíochta

— Fad íosta agus uasta an toraidh: 25.61 mm - 27.04 mm

— Leithead íosta agus uasta an toraidh:19.30 mm - 19.40 mm

— Fad íosta agus uasta an tsíl: 16.5 mm - 17.4 mm

— Leithead íosta agus uasta an tsíl: 7.5 mm - 8.7 mm

— Meáchan íosta agus uasta an toraidh: 3.5 g - 4.78 g

— Cion íosta agus uasta bhia an toraidh: 75–88 %

— Cion íosta agus uasta an tsíl: 12-15 %

— Cóimheas íosta agus uasta idir an bia agus an síol: 7.53 - 7.60

— Cion íosta agus uasta na hola: 20.00–24.50 %

— Líon íosta agus uasta na dtorthaí in aghaidh an chileagraim: 200-230 píosa

— Luach innéacs an toraidh (fad an toraidh/leithead an toraidh): Sa raon idir 1.4 agus 1.5

Agus iad á mbaint, déanann aibíocht na n-ológ idirdhealú idir na hológa glasa agus na hológa dubha. Fágann méid na haibíochta, mar aon leis an modh táirgthe, an blastán go háirithe, gur féidir trí athraitheach a fháil a bhfuil na saintréithe seo a leanas acu:

1. Glas ina n-iomláine

Ológa a bhaintear roimh an ngeimhreadh. Buantar iad idir 0 agus 1 (glas domhain agus buíghlas ar an dath craicinn) de réir an innéacs aibíochta a nglacann Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg leis.

Tréithe orgánaileipteacha:

— Dath: idir glas agus buíghlas de dhéine íseal.

— Dea-bholadh: glasra (duilleog olóige) agus mianra (sáile) dian.

— Uigeacht: teann faoi do lámh agus indífhoirmithe ar éigean. Sa bhéal, is iad ardteinne, comhghreamú agus brioscacht íseal na saintréithe a bhaineann leo.

— Blas: dian; cothromaíocht idir blasanna aigéid, goirte agus searbha.

— Braistintí: géire agus spíosraitheacht shuntasach.

— Iarbhlas fada agus géire shuntasach.

Saintréithe bithcheimiceacha:

— Méid iomlán siúcra (mg/100 g): 4.75

— Cion iomlán aigéid orgánaigh (mg/100 g): 3 146

2. Bándearg

Ológa a bhaintear roimh an ngeimhreadh. Buantar iad idir 2, 3, agus 4 (dath craicinn agus dath dearg, corcra ag teacht ar leath dhromchla na dtorthaí agus bia glas) de réir an innéacs aibíochta a nglacann Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg leis.

Tréithe orgánaileipteacha:

— Dath: idir glas agus buíghlas, agus dath dearg ag teacht orthu.

— Dea-bholadh: plandúil go dian, agus na plandaí aramatacha (finéal) inaitheanta go soiléir agus ruainnín éadrom de phiobair sillí.

— Uigeacht: bog faoi do lámh, indífhoirmithe agus leaisteach, rud a chuireann béim ar ghearradh neamhrialta an eipeacairp agus an mhéiseacairp mar thoradh ar phróiseas an bhrú. Sa bhéal, tá siad bog, olartha agus tá meán-chomhghreamú acu.

— Blas: dian, goirt, agus searbh.

— Braistintí: géire shuntasach agus braistint spíosrach.

— Iarbhlas: fada

Saintréithe bithcheimiceacha:

— Méid iomlán siúcra (mg/100 g): 3.23

— Cion iomlán aigéid orgánaigh (mg/100 g): 4 010

3. Dubh nádúrtha

Baintear na hológa sin níos déanaí sa gheimhreadh. Buantar iad idir 5, 6, agus 7 (dath corcra nó dubh iomlán ar an gcraiceann agus tagann dath corcra ar leath an bhia) de réir an innéacs aibíochta a nglacann Comhairle Idirnáisiúnta na nOlóg leis.

Tréithe orgánaileipteacha:

— Dath: donn dorcha, beagnach dubh.

— Dea-bholadh: meándéine.

— Uigeacht: tá an dromchla mín agus neamhrialta faoi do lámh. Sa bhéal, tá uigeacht an mhéiseacairp olartha, bog agus súmhar agus tá comhghreamú íseal aige.

— Blas: dian, le blasanna aigéadacha agus goirte cothromaithe.

— Braistintí: is féidir searbhas beag agus blas géar a bhrath.

— Iarbhlas: meánfhad.

Saintréithe bithcheimiceacha:

— Méid iomlán siúcra (mg/100 g): 3,76

— Cion iomlán aigéid orgánaigh (mg/100 g): 5 315

Is cineál olóige é 'Aydın Memecik Zeytini' lenar féidir ola a thairgeadh mar aon lena úsáid mar ológa boird. Aicmítear ológa boird mar ológa glasa, bána/bándearga, agus dubha de réir leibhéal aibíochta na n-ológ amh, agus mar ológa coipthe, a coipeadh go nádúrtha, agus a dubhadh trí ocsaídiú de réir modhanna próiseála. I modhanna próiseála coipthe nádúrtha, cóireáiltear ológa le salann tirim, sáile salainn, nó uisce amháin, agus i modhanna coipthe, cóireáiltear le tuaslagán alcaileach iad. Ansin baintear an searbhas, agus fágtar ológa le coipeadh de réir mar is gá chun iad a bhlaistiú agus a phacáil. Ba cheart go mbeadh blas agus boladh ar ológa boird a phróiseáiltear ar an mbealach sin mar a bheadh coinne leis agus ba cheart go mbeidís ag a ngnáthaibíocht inite.

Ní fhéadfaí 'Aydın Memecik Zeytini' a ithe go díreach gan phróiseáil mar gheall ar a saintréithe agus a searbhas. Tá cóimheas ola na n-ológ ar cheann de na comhpháirteanna ríthábhachtacha i dtéarmaí na n-aigéad sailleach atá iontu, i dteacht chun cinn gnéithe a bhaineann go sonrach leis na torthaí, agus chun an luach calrach a chinneadh. Tá na haigéid shailleacha is mó ag an aigéad oiléach i dtréimhsí aibíochta glasa, bándearga agus dubha. Le linn na tréimhse aibithe ar an gcrann, méadaíonn cion saille na n-ológ agus laghdaíonn méid an tsiúcra, rud a léiríonn comhchoibhneas dearfach idir méideanna iomlána an tsiúcra agus an aigéid orgánaigh ag brath ar aibiú. Is planda cothaitheach agus aramatach é 'Aydın Memecik Zeytini' ag a bhfuil eilimintí bithcheimiceacha a chomhcheanglaíonn saill na n-ológ 20-25 %, próitéin amh 1-2 %, snáithín 1-2 %, luaith (substaint mhianrach) <1 %, siúcra neamh-dí-ocsaídithe <0.3 %, siúcra dí-ocsaídithe 3-6 %, polaifeanóil 1-3 %, aigéid orgánacha, agus salainn 0.5-1 %, substaintí peicteacha <0.6 %, agus comhdhúile eile 3-7 %.

Na méideanna de lúitéailin-7-gliocóisíd (1 266,84 mg/kg), rúitin (491.67 mg/kg), aigéad *tras*-chionnamach (1 098,84 mg/kg), ciainidin-3-gliocóisíd (212.73) agus ciainidin-3-rúitinisíd (410.63 mg/kg), arb iad na comhpháirteanna feanólacha olóige iad, tá siad ard.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha atá le déanamh le haghaidh táirgthe sa limistéar geografach sainithe*

Is in Aydın a dhéantar táirgeadh agus próiseáil (beangú, fás ó shíolta, leasú, prúnáil, buaint, roghnú, deighilt, glanadh, cur sáile, coipeadh, aerú, etc.) na n-ológ tionscnaimh.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Cé is moite d'fhaisnéis is gá maidir le cur i láthair agus lipéadú bia-earraí, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar Lipéid:

— Ainm an ainmniúcháin 'Aydın Memecik Zeytini',

— Trádainm agus seoladh nó ainm gairid agus seoladh nó marc cláraithe an táirgeora,

— Lógó ATFC an Aontais Eorpaigh

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá an limistéar geografach ina dtáirgtear 'Aydın Memecik Zeytini' laistigh de theorainneacha chúige Aydın.

Tá 17 gceantar i gcúige Aydın: Efeler, Bozdoğan, Buharkent, Çine, Germencik, İncirliova, Karacasu, Karpuzlu, Koçarlı, Köşk, Kuyucak, Kuşadası, Nazilli, Söke, Sultanhisar, Didim agus Yenipazar.

5. Nasc leis an limistéar geografach

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá aeráid na Meánmhara ceannasach in Aydın. Bíonn na samhraí te agus tirim, agus bíonn na geimhrí fliuch. Bíonn titim sneachta ann anois is arís. Is é 17.6 °C an mheánteocht le blianta fada. Bíonn an fhrasaíocht bhliantúil idir 580-1 000 mm. Is é 80.6 meánlíon na laethanta báistí, agus is é 677.5 mm/bliain an mheánfhrasaíocht.

Thairis sin, comhlíonann an luach sin éileamh bliantúil frasaíochta 'Aydın Memecik Zeytini.' I gcúige Aydın, tá tionchar ag na sruthanna aeir ón iarthar. Bíonn treo na gaoithe anoir anoir aneas den chuid is mó, agus bíonn gaoithe aniar aneas agus aniar ann ina dhiaidh sin.

Áirithítear le saintréithe aeráide an réigiúin, struchtúr na hithreach, an leibhéal pH iomchuí, agus fásra saibhir na sléibhte mórthimpeall an réigiúin sin go bhfuil a saintréithe ag 'Aydın Memecik Zeytini'. Tá an talamh talmhaíochta oiriúnach chun ológa a tháirgeadh. Is i machairí agus i limistéir shléibhtiúla i gcoitinne a shaothraítear ológa. Go háirithe i limistéir shléibhtiúla agus nuair atá siad le húsáid mar ológa boird, ní mór ológa a bhuaint de láimh, rud a fhágann gur féidir na hológa idéalacha a roghnú. Is é uisce báistí an t-aon uisce amháin a sholáthraítear.

Cé nach bhfuil ológa an-roghnaitheach maidir le ceanglais ithreach, is fearr leo ithreacha ina bhfuil gaineamh aoil, atá lán le cothaithigh agus ag a bhfuil pH 6-8. Ós rud é go mbíonn na gnéithe sin ag ithreacha fáis ológ réigiún Aydın de ghnáth, is féidir na saintréithe cáilíochta dearfacha a luaitear thuas a bheith ag ológa Memecik, amhail méid, dath, cóimheas saille, agus cion na gcomhdhúl feanólach.Maidir le hológa den chineál Memecik, is ó chrainn ológ fhiáine an t-aon fhréamhstoc amháin a úsáidtear, atá idéalach mar gheall ar a n-acmhainn mhór agus mar gheall go bhfásann siad go fiáin in Aydın, rud a fhágann go bhfuil siad oiriúnaithe go foirfe don timpeallacht.

Tosca daonna

Go stairiúil, d'oibrigh táirgeoirí ológ in Aydın chun na crainn fhiáine atá ann cheana a thiontú ina gcineálacha ológ Memecik trí shaothair bheangáin a dhéanamh i gcrainn ológ fhiáine, go háirithe i limistéir shléibhtiúla. Cumhdaítear le heolas sonrach na bhfeirmeoirí beangú ar chrainn ológ fhiáine agus na torthaí a bhuain de láimh ag an bpointe aibithe is fearr le haghaidh gach ceann de na hathraithigh. Leis an mbaint de láimh sin, is féidir an t-am idéalach chun na hológa a bhaint a chinneadh, rud a dhéanann difear díreach do dhá chineál comhdhúile: na feanóil agus na comhdhúile so-ghalaithe, rud a thugann a mblas agus a ndea-bholadh a bhaineann go sonrach leo do na hológa.

Tagann an teicníc bhlaistithe, atá nasctha go dlúth leis an limistéar geografach, ó shaineolas na dtáirgeoirí. Tagann saineolas na n-oibreoirí, a tugadh anuas ó bhéal i bhformhór na gcásanna, ó ológa a shaothrú agus a phróiseáil ar feadh na gcéadta blianta, rud áirithíonn a gcáilíocht. Dá bhrí sin, mar shampla, fágann roinnt modhanna saothraithe oiriúnacha, mar thoradh ar thaithí an fheirmeora, gur féidir ológa lochtacha nach bhfuil oiriúnach don táirgeadh a laghdú agus a sheachaint. Thairis sin, mar gheall ar eolas fónta táirgeora ar ológa, is féidir coipeadh agus athruithe eile ar an ológ a sheachaint. Baintear an méid sin uile amach trí dhálaí próiseála agus comhshaoil agus dálaí próiseála agus comhshaoil na n-oibrithe agus na suiteálacha a oiriúnú do shaintréithe na n-ológ.

Sainiúlacht an táirge

Is í 'Aydın Memecik Zeytini', ológ bhoird, toradh na gcrann ológ de chineál Memecik ón speiceas *Olea europeae* L. a fhástar i gcúige Aydın. Tá trí phríomhdhath orthu agus cumhdaíonn siad trí athraitheach: ológa glasa, bándearga, agus dubha.

Is iad na tréithe orgánaileipteacha seo a leanas is mó is cúis le saintréith shainiúil 'Aydın Memecik Zeytini': searbhas agus dea-bholadh, a thugann a cháil shármhaith di. Tá an searbhas sin mar gheall ar an gcion ard polaifeanóil sna hológa glasa, bándearga agus dubha. Na méideanna de lúitéailin-7-gliocóisíd, rúitin, aigéad tras-chionnamach, ciainidin-3-glicóisíd, agus ciainidin-3-rúitinisíd, arb iad na comhpháirteanna feanólacha d'ológa iad, tá siad níos airde in 'Aydın Memecik Zeytini' i gcomparáid le hológa eile sa réigiún. Mar shampla, is é 1 266,84 mg/kg méid na lúitéailine ó chomhdhúile feanólacha 'Aydın Memecik Zeytini', agus i gcineál eile, is é 742.88 mg/kg an méid sin; is é 491.66 mg/kg an gnáthmhéid, agus tá 378.74 mg/kg i gcineálacha eile.

Is planda cothaitheach agus aramatach é 'Aydın Memecik Zeytini' ag a bhfuil eilimintí bithcheimiceacha a chomhcheanglaíonn an cion ola 20-25 %, próitéin amh 1-2 %, snáithín 1-2 %, luaith (substaint mhianrach) <1 %, siúcra neamh-dí-ocsaídithe <0.3 %, siúcra dí-ocsaídithe 3-6 %, polaifeanóil 1-3 %, aigéid orgánacha, agus salainn 0.5-1 %, substaintí peicteacha <0.6 %, agus comhdhúile eile 3-7 %.

Nasc cúisíoch

Tá tionchar mór ar 'Aydın Memecik Zeytini' ag an limistéar geografach a bhfuil saintréithe sainiúla aige mar gheall ar thír-raon, ithir, aeráid an limistéir, taithí na bhfeirmeoirí, agus traidisiún stairiúil shaothrú na n-ológ. Dá bhrí sin, tháinig cineál olóige Memecik as na dálaí idéalacha le haghaidh iomadú fiáin an fhréamhstoic sa limistéar geografach, agus mar thoradh air sin, leis an modh saothraithe agus teicnící táirgthe sinseartha, tá 'Aydın Memecik Zeytini' lena gnéithe cáilíochta sainiúla.

Bíonn na sruthanna aeir ón iarthar éifeachtach go háirithe in Aydın. Bíonn treo na gaoithe anoir anoir aneas den chuid is mó, agus bíonn gaoithe aniar aneas agus aniar ann ina dhiaidh sin. Tá cúige Aydın suite ar Abhantrach Büyük Menderes. Ós rud é go n-osclaítear gleann Büyük Menderes i dtreo na farraige, is féidir leis na gaotha a thugann an éifeacht the agus an fhrasaíocht ón bhfarraige na réigiúin istigh a bhaint amach go héasca. Tugann na gaotha sin tréithe orgánaileipteacha sainiúla do 'Aydın Memecik Zeytini' agus cosnaíonn siad na hológa ar chuileanna torthaí olóige le linn aibithe.

Fágtar leis an mbuaint ina céimeanna, roimh an ngeimhreadh le haghaidh na n-ológ iomlán glas agus bándearg agus tar éis an gheimhridh le haghaidh na n-ológ dubh nádúrtha, go n-aibíonn na hológa ar na crainn, rud a thugann a tréithe orgánaileipteacha tipiciúla do gach ceann de na trí athraitheach sin. Le baint de láimh ag feirmeoirí a bhfuil taithí acu, is féidir na tréithe orgánaileipteacha is fearr is féidir a áirithiú agus is mar gheall air sin go bhfuil an teinne a bhaineann go sonrach leis na hathraithigh ológ uile. Ar ámharaí an tsaoil, is féidir leis na táirgeoirí sa réigiún na tréimhsí aibíochta iomchuí a chinneadh de réir a dteicnící próiseála. Mar gheall ar a airíonna céadfacha, nochtann ológa saintréith chéadfach na n-ológ boird tar éis na próiseála agus roimhe sin.

Leis an tsubstaint shearbh i dtoradh olóige, a chion saille, agus a mhéid íseal siúcra is féidir ‘Aydın Memecik Zeytini’ a dheighilt ó chineálacha ológ eile go príomha. Ní féidir é a ithe gan phróiseáil mar gheall ar a bhlas searbh arb iad comhdhúile feanólacha is cúis leis. Tá cion feanólach ológa Memecik, a bhfuil baint shuntasach aige le searbhas, fós níos airde ná cion feanólach ológ eile fiú tar éis an phróisis milsithe agus coipthe.

Feictear go mbaineann blas searbh ‘Aydın Memecik Zeytini’ le comhdhúile feanólacha. Le linn milsithe agus coipthe chun an searbhas sin a mhaolú, tagann airíonna céadfacha an táirge deiridh chun cinn ar an mbealach sin trí bhlasanna aigéadacha, goirte, miotalacha agus alcaileacha agus bolaithe éagsúla a fháil. Dá bhrí sin, tagann airíonna céadfacha ‘Aydın Memecik Zeytini’ chun cinn le dálaí nádúrtha agus gníomhaíochtaí daonna, amhail táirgeoirí a chuireann próisis chultúrtha i bhfeidhm go luath nó go leordhóthanach agus a chinneann an tráth buainte iomchuí.

Tagairt d’fhoilsiú na sonraíochta

Feasachán maidir le Tásc Geografach Oifigiúil, Ainmniúchán Tionscnaimh Agus Sainearra Traidisiúnta Faoi Ráthaíocht ó Oifig Paitinne agus Trádmharcanna na Tuirce, Uimh. 101 an 17 Bealtaine 2021, lch. 96.